

Department of Arts, Sport and Tourism
An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta

Frequently Asked Questions
Ceisteanna Coitianta

Schemes, Programmes & Initiatives
Scéimeanna, Cláir & Tionscnaimh

May 2009
Bealtaine 2009

INDEX TO QUESTIONS
INNÉACS NA GCEISTEANNA

Page / Leathanach

ARTS / CULTURE
NA hEALAÍONA / AN CULTÚR

ACCESS (Arts and Culture Capital Enhancement Support Scheme)
ACCESS (An Scéim Tacaíochta Caipitil do na hEalaíona agus don Chultúr)

What is ACCESS and for how long will it run?
Céard é ACCESS agus cén t-achar a bheidh sé ar siúl? 7

Is funding for capital projects available outside of ACCESS?
An féidir maoiniú i gcomhair tionscadail chaipitil a fháil taobh amuigh d'ACCESS? 7

What conditions attach to such funding?
Céard iad na coinníollacha a ghabhann le maoiniú den sórt? 8

Irish Film Industry
Tionscal Scannán na hÉireann

Is funding available to develop the Irish film industry?
An bhfuil maoiniú ar fáil chun Tionscal Scannán na hÉireann a fhorbairt? 9

Are there any tax incentives available for investment in film production?
An bhfuil dreasachtaí cánach ar bith ann maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i léiriúchán scannán? 9

What is the Department's role in the Section 481 tax incentive scheme?
Céard é ról na Roinne maidir leis an scéim dreasachta cánach faoi Alt 481? 10

Culture Ireland
Cultúr Éireann

What is Culture Ireland?
Céard é Cultúr Éireann? 11

Can I get funding from Culture Ireland?
An féidir liom maoiniú a fháil ó Chultúr Éireann? 11

Who is eligible to apply for a grant?
Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh ar dheontas? 12

What type of activities can I apply for?
Cén cineál gníomhaíochtaí ar féidir liom iarratas a dhéanamh orthu? 12

How do I apply for a grant?
Cén chaoi ar féidir liom iarratas a dhéanamh ar dheontas? 14

National Cultural Institutions ***Na Forais Chultúir Náisiúnta***

What are the National Cultural Institutions?
Céard iad na Forais Chultúir Náisiúnta? 14

What is the primary function of the Department's Arts and Cultural Institutions Unit?
Cén phríomhfheidhm atá ag Aonad na nEalaíon agus na bhForas Cultúir de chuid na Roinne? 16

What funding is available to the Arts and Cultural Institutions Unit and what does it resource?
Cén maoiniú a bhíonn ar fáil ag Aonad na nEalaíon agus na bhForas Cultúir agus cé air a gcaitear an maoiniú? 16

SPORT **SPÓRT**

Sports Capital Programme ***An Clár Caipitil Spóirt***

What is the Sports Capital Programme?
Céard é an Clár Caipitil Spóirt? 18

What projects are eligible for funding?
Céard iad na tionscadail a bhíonn i dteideal maoiniú? 18

How is a new round of the programme announced?
Cén chaoi a ndéanfar babhta nua den chlár a fhógairt? 19

How do I apply for a sports capital grant?
Cén chaoi a ndéanfaidh mé iarratas ar dheontas caipitil spóirt? 19

Major Sports Capital Projects ***Mórhionscadail Chaipitil Spóirt***

What is the plan for the redevelopment of the stadium at Lansdowne Road? <i>Céard atá beartaithe maidir le hathfhorbairt staidiam Bhóthar Lansdún?</i>	20
How is the redevelopment of the Lansdowne Road Stadium progressing? <i>Cén dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le hathfhorbairt Staidiam Bhóthar Lansdún?</i>	20
What is the Sports Campus at Abbotstown? <i>Céard é an Campas Spóirt i mBaile an Aba?</i>	21
Who is in charge of the Sports Campus development at Abbotstown? <i>Cé atá i gceannas ar an bhforbairt ar an gCampas Spóirt i mBaile an Aba?</i>	22
What facilities are available at the National Aquatic Centre? <i>Céard iad na háiseanna atá i Spórtlann Uisce Éireann?</i>	22
Swimming Pool Programme <i>An Clár Linnte Snámha</i>	
What is the Local Authority Swimming Pool Programme? <i>Céard é Clár Linnte Snámha na nÚdarás Áitiúil?</i>	23
When will a new round of the Programme be launched? <i>Cén uair a sheolfar babhta nua den Chlár?</i>	23
Sports Policy and Liaison <i>Beartas Spóirt agus Idirchaidrimh</i>	
What does the Irish Sports Council do? <i>Céard a dhéanann Comhairle Spóirt na hÉireann?</i>	24
What does Horse Racing Ireland do? <i>Céard a dhéanann Rásaíocht Capall Éireann?</i>	25
What does Bord na gCon do? <i>Céard a dhéanann Bord na gCon?</i>	27
How does the Government fund these three agencies? <i>Cén chaoi a maoiníonn an Rialtas na trí ghníomhaireacht seo?</i>	28

TOURISM
TURASÓIREACHT

Tourism Development
Forbairt na Turasóireachta

I am interested in developing a tourist attraction/activity. What financial supports are available from the Department?
Tá suim agam nithe tarraingteacha/gníomhaíochtaí a mbíonn tarraingt ag turasóirí orthu a fhorbairt. Céard iad na tacaí airgeadais atá ar fáil ón Roinn? 29

What are the regulations in relation to wheelchair access and facilities for persons with disabilities in hotels and guesthouses in Ireland?
Céard iad na rialacháin maidir le bealach isteach do chathaoireacha rothaí agus maidir le háiseanna in óstáin agus i dtithe aíochta in Éirinn a bheadh oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas? 29

If I am unhappy with the standard of accommodation provided by a hotel or guesthouse, what can I do about it?
Dá mbeinn míshásta le caighdeán na cóiríochta a bheadh curtha ar fáil ag óstán nó ag teach aíochta, céard a d'fhéadfainn a dhéanamh faoi? 30

Tourism Marketing
Margaíocht ar an Turasóireacht

Where can I get posters or other material on Ireland that I can use to promote Ireland in an event abroad?
Cá bhfaighinn póstaeir nó ábhar eile ar Éirinn a d'fhéadfainn a úsáid ag ócáid thar lear chun Éirinn a chur chun cinn? 31

Where can I get information on holidaying in Ireland?
Cá bhfaighinn eolas faoi laethanta saoire in Éirinn? 31

If I become a victim of a crime while on holiday in Ireland or I know someone who has, is there anyone who can help?
An mbeadh duine ar bith ábalta cúnaimh a thabhairt dá ndéanfaí coir orm agus mé ar saoire in Éirinn nó dá mbeadh aithne agam ar dhuine a ndearnadh coir air/uirthi? 32

ABOUT THE DEPARTMENT
EOLAS FAOIN ROINN

- Where can I find more information about the services and functions of the Department of Arts, Sport and Tourism?
Cá bhfaighinn a thuilleadh eolais faoi sheirbhísí agus faoi fheidhmeanna na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta? 34
- Is the Department relocating under the Civil Service decentralisation programme?
An bhfuil an Roinn ag dílárú faoi Chlár Díláraithe na Státseirbhíse? 34
- How can I apply for a job in the Department of Arts, Sport and Tourism in Dublin or Killarney?
Cén chaoi a gcuirfinn isteach ar phost sa Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireacht i mBaileÁtha Cliath nó i gCill Airne? 35

ARTS/CULTURE
NA hEALAÍONA/AN CULTÚR

ACCESS (Arts and Culture Capital Enhancement Support Scheme)

ACCESS (An Scéim Tacaíochta Caipitil do na hEalaíona agus don Chultúr)

Q. What is ACCESS and for how long will it run?

Céard é ACCESS agus cén t-achar a bheidh sé ar siúl?

A. ACCESS (Arts and Culture Capital Enhancement Support Scheme) is a capital grant scheme administered by the Department of Arts, Sport and Tourism to assist in the development of high-quality arts and cultural infrastructure. The primary focus of the current scheme, ACCESS II, is the refurbishment and enhancement of existing arts and culture facilities. The maximum grant available under the present scheme is 70% of the total costs of the project.

ACCESS II runs from 2007 to 2009 and the funds are fully committed. In excess of €32 million has been offered to the promoters of 67 projects.

Is scéim deontais chaipitil arna riar ag an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta chun cuidiú chun infreastruchtúr ealaíon agus cultúir d'ardchaighdeán a fhorbairt é ACCESS. Is é príomhfhócas na scéime reatha, ACCESS II, saoráidí atá ann cheana do na healaíona agus don chultúr a athchóiriú agus feabhas a chur orthu. Is ionann uasmhéid an deontais atá ar fáil faoin scéim reatha agus 70% de chostas iomlán an tionscadail.

Tá ACCESS II 2007 go dtí 2009, agus na cistí, geallta go huile agus go hiomlán. Tairgeadh breis is €32 milliún do thionscnóirí 67 tionscadal.

Q. Is funding for capital projects available outside of ACCESS?

An féidir maoiniú i gcomhair tionscadail chaipitil a fháil taobh amuigh d'ACCESS?

A. Occasionally, if additional funding becomes available. Projects are evaluated on a case-by-case basis. Applications for such funding may be made by writing to the ACCESS Unit, Department of Arts, Sport and Tourism, New Road, Killarney, Co. Kerry.

Is féidir uaireanta – dá mba rud é go gcuirfí maoiniú breise ar fáil. Déantar tionscadail a mheas ina gceann agus ina gceann. Is féidir iarratais ar mhaoiniú den sórt a dhéanamh ach scríobh chuig ACCESS, An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, An Fosadh, Cill Airne, Co. Chiarraí.

Q. What conditions attach to such funding?

Céard iad na coinníollacha a ghabhann le maoiniú den sórt?

A. The following details are required before consideration of any application can be made:

- detailed information about the project and the activities/programming that are undertaken;
- the amount of funding required;
- audited accounts for the previous 3 years (if applicable);
- an independent auditor's letter detailing the financial status of the project; and
- a detailed business plan.

Beidh na sonraí seo a leanas ag teastáil sula bhféadfar iarratas ar bith a bhreithniú:

- *mioneolas faoin tionscadal agus faoi na gníomhaíochtaí/cláir atá ar bun;*
- *an méid maoinithe atá ag teastáil;*
- *cuntais iniúchta do na 3 bliana roimhe seo (más ann dóibh);*
- *litir ó iniúchóir neamhspleách ina mbeadh mionsonraí faoi stádas airgeadais an tionscadail; agus plean gnó mionsonraithe.*

Irish Film Industry

Tionscal Scannán na hÉireann

Q. Is funding available to develop the Irish Film Industry?

An bhfuil maoiniú ar fáil chun Tionscal Scannán na hÉireann a fhorbairt?

A. Yes. The Irish Film Board is the State agency with responsibility for marketing, developing and supporting the Irish film sector. The contact details of the Board are as follows:

Irish Film Board

Queensgate

23 Dock Road

Galway

Tel: 00 353 91 561398

E-mail: info@irishfilmboard.ie

Web: www.irishfilmboard.ie

Tá. Is é Bord Scannán na hÉireann an ghníomhaireacht Stáit atá freagrach as margaíocht, forbairt agus tacaíocht a thabhairt d'earnáil scannán na hÉireann. Is iad seo a leanas sonraí teagmhála an Bhoird:

Bord Scannán na hÉireann

Geata na Banríona

23 Bóthar na nDuganna

Gaillimh

Teil: 00 353 91 561398

Ríomhphost: info@irishfilmboard.ie

Suíomh Gréasáin: www.irishfilmboard.ie

Q. Are there any tax incentives available for investment in film production?

An bhfuil dreasachtaí cánach ar bith ann maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i léiriúchán scannán?

A. Yes. Section 481 of the Taxes Consolidation Act 1997, as amended, facilitates the raising of funds for investment in film production.

Details of the tax incentive scheme are available on the Revenue Commissioners' website at www.revenue.gov.ie or by writing to:

The Revenue Commissioners
Business Incentives DT11
Dublin Castle
Dublin 2

Tá. Éascaíonn Alt 481 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, arna leasú, cistí a bhailiú ar mhaithe le hinfheistíocht a dhéanamh i léiriúchán scannán.

Tá mionsonraí faoin scéim dreasachta cánach ar fáil ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim ar www.revenue.gov.ie nó trí scríobh chuig:

*Na Coimisinéirí Ioncaim
Dreasachtaí Gnó DT11
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2*

Q. What is the Department's role in the Section 481 tax incentive scheme?
Céard é ról na Roinne maidir leis an scéim dreasachta cánach faoi Alt 481?

A. Certification for relief under the scheme is issued by the Revenue Commissioners. This Department's main responsibility is to establish the cultural element of any project seeking certification.

Is iad na Coimisinéirí Ioncaim a eisíonn deimhniú faoisimh faoin scéim. Is é príomhchúram na Roinne an ghné chultúrtha de thionscadal ar bith a bheadh ag lorg deimhniú, a fháil amach.

Culture Ireland

Cultúr Éireann

Q. What is Culture Ireland?

Céard é Cultúr Éireann?

- A.** Culture Ireland is the State agency that promotes the best of Ireland's arts and culture internationally and assists in the development of Ireland's international cultural relations. The organisation was established in 2005 by the Minister for Arts, Sport and Tourism and is currently managed by a board of directors (appointed by the Minister) and a secretariat in the Department of Arts, Sport and Tourism. Further information about Culture Ireland can be obtained on its website at www.cultureireland.gov.ie.

Is gníomhaireacht Stáit í Cultúr Éireann a chuireann na saothair is fearr d'ealaíona agus de chultúr na hÉireann chun cinn go hidirnáisiúnta agus a chuidíonn le hÉirinn caidreamh idirnáisiúnta ó thaobh an chultúir de a chruthú. Ba é an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta a bhunaigh an eagraíocht sa bhliain 2005 agus is bord stiúrthóirí (arna cheapadh ag an Aire) agus rúnaíocht sa Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta atá á bainistiú i láthair na huaire. Is féidir a thuilleadh eolais faoi Chultúr Éireann a fháil ar a shuíomh gréasáin www.cultureireland.gov.ie.

Q. Can I get funding from Culture Ireland?

An féidir liom maoiniú a fháil ó Chultúr Éireann?

- A.** Culture Ireland offers financial support for Irish artists, arts organisations and cultural practitioners to:

- present and promote work internationally;
- develop new and diverse international audiences and markets;
- participate in international networking events; and
- develop opportunities through workshops, residencies, exchanges and collaborations with international arts practitioners and organisations.

Cuireann Cultúr Éireann tacaíocht airgeadais ar fáil d'ealaíontóirí Éireannacha, d'eagraíochtaí ealaíon agus dóibh siúd a ghabhann do thraidisiúin chultúrtha chun:

- *saothar a chur i láthair agus a chur chun cinn go hidirnáisiúnta;*
- *lucht féachana nua ilghnéitheach idirnáisiúnta a mhealladh agus chun margatá nua ilghnéitheacha idirnáisiúnta a fhorbairt;*
- *a bheith rannpháirteach in imeachtaí idirnáisiúnta líonraithe; agus*
- *deiseanna a fhorbairt trí cheardlanna, cónaitheachtaí, cláir mhalartaithe agus comhpháirtíochtaí i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta ealaíon agus leo siúd a bhíonn ag gabháil do na healaíona.*

Q. Who is eligible to apply for a grant?

Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh ar dheontas?

- A.** Any artist, arts organisation or cultural practitioner or manager.

Ealaíontóir nó eagraíocht ealaíon ar bith nó aon duine a ghabhann do thraidisiúin chultúrtha nó bainisteoir ar bith.

Q. What type of activities can I apply for?

Cén cineál gníomhaíochtaí ar féidir liom iarratas a dhéanamh orthu?

- A.** Culture Ireland will only support applications that include an element of exhibition, performance, participation or presentation to a wider public audience.

Examples of eligible applications include:

- theatre and dance performances abroad by companies that are professionally based or led by a professional producer or choreographer;
- the travel costs of film-makers presenting films abroad;
- performances abroad by professionally based or professionally led musicians, bands or choral groups;
- travel costs of visual artists and transport of art works; and
- readings by authors of their works.

Some examples of what we do **NOT** support are:

- x events that have already taken place;
- x sports events;
- x research, study or professional training;

- x funding for purchase / repair of buildings, costumes or equipment;
- x town twinning programmes;
- x school exchanges or visits;
- x publication of books;
- x participation in competitive music and dance events;
- x travel to Ireland; and
- x translation.

Ní thacóidh Cultúr Éireann ach amháin le hiarratais a mbeadh taispeántas, léiriú, rannpháirtíocht nó cur i láthair do lucht féachana níos leithne i gceist leo.

Samplaí is ea iad seo a leanas d'iarratais a bheadh i dteideal maoiniú:

- *léiriúcháin amharclainne agus damhsa thar lear de chuid cuideachtaí atá bunaithe go gairmiúil nó a bhfuil léiritheoir nó córagrafaí gairmiúil ina mbun;*
- *costais taistil lucht déanta scannán a bheadh ag léiriú scannán thar lear;*
- *léiriúcháin thar lear ó ceoltóirí, bannaí nó grúpaí claisceadail gairmiúla nó ceoltóirí, bannaí nó grúpaí claisceadail a mbeadh stiúrthóir gairmiúil ina mbun;*
- *costais taistil amharcealaíontóirí agus costas iompair na saothar ealaíon; agus*
- *údair a bheadh ag léamh saothar dá gcuid.*

*Samplaí is ea iad seo a leanas d'iarratais **NACH** dtugtar tacaíocht dóibh:*

- x *imeachtaí a thit amach cheana féin;*
- x *imeachtaí spóirt;*
- x *taighde, staidéar nó oiliúint ghairmiúil;*
- x *maoiniú chun foirgnimh, cultacha nó trealamh a cheannach / a athchóiriú;*
- x *cláir nasctha bailte;*
- x *cláir mhalartaithe scoile nó cuairteanna;*
- x *foilsíú leabhar;*
- x *rannpháirtíocht i gcomórtais cheoil agus damhsa;*
- x *taisteal go hÉirinn; agus*
- x *aistriúchán.*

Q. How do I apply for a grant?

Cén chaoi ar féidir liom iarratas a dhéanamh ar dheontas?

- A.** To apply for a grant, fill in an application form (available at www.cultureireland.gov.ie) and submit this to Culture Ireland. The Board meets four times per year – in March, June, September and December - to consider applications.

Applications must be received by the 15th of the previous month (i.e., the deadlines are 15th February, 15th May, 15th August and 15th November). In all cases, applications must be received in time to allow the Board to consider them at its meeting at least eight weeks before the event for which funding is being sought. Full details of the application process, together with the relevant guidelines and application forms, are available on the Culture Ireland website at www.cultureireland.gov.ie.

Chun iarratas a dhéanamh ar dheontas ní mór duit foirm iarratais (atá ar fáil ar www.cultureireland.gov.ie) a líonadh isteach agus í a sheoladh ar aghaidh chuig Cultúr Éireann. Tagann an Bord le chéile ceithre huair in aghaidh na bliana – i mí an Mhárta, Meitheamh, Meán Fómhair agus i mí na Nollag – chun iarratais a bhreithniú.

Ní mór d'iarratais a bheith istigh faoin 15^ú den mhí roimhe sin (.i. is iad seo a leanas na spriocdhátaí – 15^ú Feabhra, 15^ú Bealtaine, 15^ú Lúnasa agus 15^ú Samhain). Ní mór d'iarratais a bheith istigh in am, i ngach cás, chun go mbeadh ar chumas an Bhoird breithniú a dhéanamh orthu ag a chruinniú a thionólfá ar a laghad ocht seachtaine roimh an imeacht a mbeadh maoiniú á lorg dó. Tá sonraí iomlán an phróisis iarratais, mar aon leis na treoirlínte agus na foirmeacha iarratais iomchuí ar fáil ar shuíomh gréasáin Chultúr Éireann www.cultureireland.gov.ie.

National Cultural Institutions

Na Forais Chultúir Náisiúnta

Q. What are the National Cultural Institutions?

Céard iad na Forais Chultúir Náisiúnta?

A. The National Cultural Institutions, which are the responsibility of the Department's Arts and Cultural Institutions Unit, are as follows:

- National Archives;
- National Library of Ireland;
- National Museum of Ireland;
- National Gallery of Ireland;
- Irish Museum of Modern Art;
- National Concert Hall;
- Chester Beatty Library; and
- Crawford Art Gallery, Cork.

The National Cultural Institutions conserve, maintain, enhance and expand collections of relevant artistic, cultural and historic material and artefacts for the benefit of the public. Each has care of its own collection and is open to the public and has educational and outreach programmes.

Is iad seo a leanas na Forais Chultúir Náisiúnta atá faoi chúram Aonad na nEalaíon agus na bhForas Cultúir de chuid na Roinne:

- *An Chartlann Náisiúnta;*
- *Leabharlann Náisiúnta na hÉireann;*
- *Ard-Mhúsaem na hÉireann;*
- *Dánlann Náisiúnta na hÉireann;*
- *Áras Nua-Ealaíne na hÉireann;*
- *An Ceoláras Náisiúnta;*
- *Leabharlann Chester Beatty; agus*
- *Dánlann Ealaíne Crawford, Corcaigh.*

Is iad na Forais Chultúir Náisiúnta a chaomhnaíonn, a dhéanann cothabháil agus a fhairníonn agus a mhéadaíonn bailiúcháin na n-ábhar agus na ndéantán iomchuí ealaíonta, cultúir agus stairiúil ar mhaithe leis an bpobal. Bíonn cúram a bhailiúcháin féin ar gach foras agus bíonn siad ar oscailt don phobal agus bíonn cláir oideachais agus for-rochtana ar siúl iontu.

Q. What is the primary function of the Department’s Cultural Institutions Unit?
Cén príomhfheidhm atá ag Aonad na nEalaíon agus na bhForas Cultúir de chuid na Roinne?

A. The primary function of the Cultural Institutions Unit is to create an environment that enables arts and culture to flourish, facilitating greater access to the cultural institutions and to culture at large through the provision of an appropriate legislative, policy and resource framework.

Is é príomhfheidhm Aonad na nEalaíon agus na bhForas Cultúir comhshaol a chruthú ina gcuirfí borradh faoi na healaíona agus faoin gcultúr, cuidiú a thabhairt ionas go mbeadh rochtain níos fearr ar na forais chultúir agus ar an gcultúr i gcoitinne trí chreat reachtaíochta, beartais agus acmhainní cuí a sholáthar.

Q. What funding is available to the Cultural Institutions Unit and what does it resource?
Cén maoiniú a bhíonn ar fáil ag Aonad na nEalaíon agus na bhForas Cultúir agus cé air a gcaitear an maoiniú?

A. Funding is earmarked primarily for use by the National Cultural Institutions.

Funding is also provided for projects that are in accordance with the key function of the Unit as outlined above, meet specific cultural needs, support the objective of the Culture Sub-Programme of the National Development Plan or implement a Government decision. The following are examples of organisations that have received funding from the Department and projects that have been supported by the Unit:

- Archbishop Marsh’s Library;
- The Hunt Museum;
- Foynes Flying Boat Museum;
- The Irish Architectural Archive;
- The James Joyce Centre;
- The Science Gallery;
- The Exploration Station;
- Translation of the *Historia*;
- Digitisation of the Census 1901 and 1911;

- Enhancement of local and regional museums;
- The mobility of (Artistic and Cultural) Collections Scheme;
- The Church pre-1900 Birth, Marriage and Death Records Computerisation Project; and
- Culture Night.

Cuirtear maoiniú i leataobh lena úsáid ag na Forais Chultúir Náisiúnta go príomha.

Cuirtear maoiniú ar fáil chomh maith do thionscadail a thagann de réir phríomhfheidhm an Aonaid a dtugtar breac-chuntas uirthi thuas, do thionscadail a shásaíonn riachtanais shonracha a bhaineann leis an gcultúr, do thionscadail a thacaíonn le cuspóir Fhochlár Cultúir an Phlean Forbartha Náisiúnta nó do thionscadail a chuireann cinneadh an Rialtais i bhfeidhm. Áirítear orthu seo a leanas samplaí d’eagraíochtaí a fuair maoiniú ón Roinn agus de thionscadail dá dtug an tAonad tacaíocht:

- *Leabharlann an Ard-Easpaig Marsh;*
- *Músaem Hunt;*
- *Músaem Bhád Aeir Fhainge;*
- *Carlann Ailtireachta na hÉireann;*
- *Ionad James Joyce;*
- *An tÁiléar Eolaíochta;*
- *An Stáisiún Taiscéalaíochta;*
- *Aistriúchán ar an Historia;*
- *Daonáireamh na bliana 1901 agus 1911 a dhigitiú*
- *Feabhsú ar mhúsaeim áitiúla agus réigiúnacha;*
- *An Scéim Sogluaisteachta Bailiúchán (Ealaíon agus Cultúrtha);*
- *Tionscadal chun Taifid Bhreithe, Phósta agus Bháis na hEaglaise roimh 1900 a Ríomhairiú; agus*
- *Oíche Chultúir.*

SPORT **SPÓRT**

Sports Capital Programme

An Clár Caipitil Spóirt

Q. What is the Sports Capital Programme?

Céard é An Clár Caipitil Spóirt?

- A.** The Sports Capital Programme provides funding to assist voluntary and community organisations, national governing bodies of sport, VECs and local authorities to develop high-quality, safe, well-designed and sustainable facilities in appropriate locations and to provide appropriate equipment to help maximise participation in sport and physical recreation. The Programme has been advertised on an annual basis in the national press and is part-funded by the National Lottery.

Cuireann an Clár Caipitil Spóirt maoiniú ar fáil chun cabhrú le heagraíochtaí deonacha agus pobail, le comhlachtaí náisiúnta rialaithe spóirt, le Coistí Gairmoideachais agus le húdaráis áitiúla saoráidí inbhuanaithe dea-dheartha a bheadh ar ardchaighdeán agus sábháilte a fhorbairt i láithreacha oiriúnacha agus trealamh cuí a sholáthar chun go mbeadh an líon is mó daoine is is féidir é rannpháirteach i spórt agus i gcaitheamh aimsire aclaíochta. Fógraítear an Clár gach bliain sna meáin náisiúnta agus déanann An Crannchur Náisiúnta páirtmhaoiniú air.

Q. What projects are eligible for funding?

Céard iad na tionscail a bhíonn i dteideal maoiniú?

- A.** Projects must be of a capital nature and must be directly related to the provision of sporting or physical recreation facilities. This means either improving or building a sporting facility or buying non-personal sports equipment that will be used for at least five years. The programme does not provide grants towards buying sites, premises or personal equipment such as sports kits, gloves, shoes, boots, protective clothing, etc. The application process is a competitive one and there is no guarantee of funding even if an application meets all the minimum criteria.

Ní mór baint a bheith ag na tionscail le cúrsaí caipitil agus ní mór dóibh baint dhíreach a bheith acu le saoráidí spóirt nó le caitheamh aimsire aclaíochta a chur ar

fáil. Is ionann sin agus feabhas a chur ar shaoráid spóirt nó saoráid spóirt a thógáil nó trealamh spóirt nach trealamh pearsanta é a cheannach a mbainfear úsáid as ar feadh cúig bliana ar a laghad. Ní thugtar deontais faoin gclár chun suímh, áitribh ná trealamh pearsanta ar nós trealamh spóirt, lámhainní, bróga, buataisí, éadaí cosanta agus araile a cheannach. Is próiseas iomaíoch é an próiseas iarratais agus ní thugtar ráthaíocht ar bith go bhfaighfear maoiniú fiú amháin dá sásódh iarratas na critéir is ísle go léir.

Q. How is a new round of the programme announced?

Cén chaoi a ndéanfar babhta nua den chlár a fhógairt?

- A.** When a new round of the programme is announced, advertisements are placed in the national newspapers, typically on a Sunday and Monday, and application forms and guidelines are available from the Department, including on its website.

Nuair a fhógraítear babhta nua den chlár cuirtear fógraí sna nuachtáin náisiúnta ar an Domhnach agus ar an Luan go hiondúil, agus bíonn foirmeacha iarratais agus treoirlínte ar fáil ón Roinn agus ar an suíomh gréasáin chomh maith.

Q. How do I apply for a sports capital grant?

Cén chaoi a ndéanfaidh mé iarratas ar dheontas caipitil spóirt?

- A.** Once a new round of the programme is announced, application forms and guidelines are available on the Department's website. It is also possible to apply online. All applications must be received by the specified deadline.

Bíonn foirmeacha iarratais agus treoirlínte ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne a thúisce is a fhógraítear babhta nua den chlár. Is féidir iarratas a dhéanamh ar líne chomh maith. Ní mór do na hiarratais go léir a bheith faighte faoin spriocdháta sonraithe.

Major Sports Capital Projects

Mórhionscadail Chaipitil Spóirt

Q. What is the plan for the redevelopment of the stadium at Lansdowne Road?

Céard atá beartaithe maidir le hathfhorbairt staidiam Bhóthar Lansdún?

- A.** The Government has agreed to provide funding of €191 million phased over five years to the joint IRFU/FAI project for the redevelopment of Lansdowne Road Stadium as a 50,000-capacity all-seater facility. The balance of the cost of the project is being provided jointly by the IRFU and the FAI.

The Lansdowne Road Stadium Development Company (LRSDC) is the contracting party for the development and management of the new stadium. Further information is available on its website at www.lrsdc.ie.

D'aontaigh an Rialtas €191 milliún de mhaoiniú a chur ar fáil go céimneach in imeacht cúig bliana don chomhthionscadal IRFU/FAI i gcomhair athfhorbairt Staidiam Bhóthar Lansdún – saoráid a bheidh go huile faoi shuíocháin agus áit suite inti do 50,000 duine. Cuirfidh an IRFU agus an FAI i gcomhpháirt iarmhéid chostas an tionscadail ar fáil.

Is í Cuideachta Forbartha Staidiam Bhóthar Lansdún an chuideachta a fuair an conradh chun an staidiam nua a fhorbairt agus a bhainistiú. Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ar a shuíomh gréasáin www.lrsdc.ie.

Q. How is the redevelopment of the Lansdowne Road Stadium progressing?

Cén dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le hathfhorbairt Staidiam Bhóthar Lansdún?

- A.** In March 2007, an Bord Pleanála upheld the earlier decision by Dublin City Council to grant planning permission for the redevelopment and construction of the new Stadium, which have now been in train since September 2007. It is expected that the new stadium will open its doors during 2010.

I mí an Mhárta 2007, sheas An Bord Pleanála leis an gcinneadh a ghlac Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath roimhe seo cead pleanála a thabhairt chun Staidiam nua a athfhorbairt agus a thógáil. Tá sin ar siúl anois ó Mheán Fómhair 2007. Táthar ag súil go n-osclófar an staidiam nua le linn 2010.

**Q. What is the Sports Campus at Abbotstown?
*Céard é an Campas Spóirt i mBaile an Aba?***

A. In 2005, the Government authorised the commencement of the development of a campus of sports facilities at Abbotstown. The Campus includes the National Aquatic Centre, which opened in 2003. The estimated cost of the initial phase of development is €19 million, with a 4-5 year delivery schedule from 2007. This phase of development will provide for:

- a National Field Sports Training Centre catering for rugby, soccer, Gaelic games and hockey;
- a National Indoor Training Centre that will provide world-class training;
- facilities for more than 30 governing bodies of sport;
- accommodation for sports men and women, sports science and medical facilities;
- all-weather synthetic pitches for community use; and
- the renovation of existing buildings to cater for needs identified by sports bodies.

Works to date have included the relocation, in 2007, of the headquarters of the FAI to the former State Laboratory building at Abbotstown. A headquarters for the Institute for Sport at Abbotstown is being provided in 2009. Further information can be obtained from the Campus Authority website at www.nscda.ie.

Cheadaigh an Rialtas sa bhliain 2005 go gcuirfí tús leis an bhforbairt ar champas saoráidí spóirt i mBaile an Aba. Tá Spórtlann Uisce Éireann a osclaíodh sa bhliain 2003 ar an gCampas. Is €119 milliún costas measta chéim bhunaidh na forbartha agus tá sceideal 4 go 5 bliana leagtha amach ón mbliain 2007 i leith chun an tionscadal a chríochnú. Beidh siad seo a leanas san áireamh sa chéim seo den fhorbairt:

- *Ionad Oiliúna Náisiúnta do Spórt Páirce a dhéanfadh freastal ar rugbaí, sacar, na cluichí Gaelacha agus ar haca;*
- *Ionad Oiliúna Náisiúnta faoi Dhíon a chuirfidh oiliúint den scoth ar fáil;*
- *áiseanna do bhreis is 30 comhlacht rialaithe spóirt;*
- *cóiríocht do mhná agus d'fhir a bhíonn páirteach i spórt; áiseanna eolaíochta spóirt agus míochaine;*
- *páirceanna saorga uile-aimsire chun a bheith in úsáid ag an bpobal; agus*
- *athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana chun freastal ar riachtanais a bheidh aitheanta ag comhlachtaí spóirt.*

Áirítear athlonnú cheanncheathrú an FAI sa bhliain 2007 go dtí foirgneamh na Saotharlainne Stáit, mar a bhí, i mBaile an Aba ar na hoibreacha go dáta. Tá ceanncheathrú don Fhoras Spóirt i mBaile an Aba á chur ar fáil sa bhliain 2009. Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ar shuíomh gréasáin Údarás an Champais www.nscda.ie.

**Q. Who is in charge of the Sports Campus development at Abbotstown?
Cé atá i gceannas ar an bhforbairt ar an gCampas Spóirt i mBaile an Aba?**

A. The National Sports Campus Development Authority (NSCDA) has been established on a statutory basis to succeed in function and responsibility Campus and Stadium Ireland Development Company Ltd (CSID) with effect from 1 January 2007. The Authority is to continue the role of overseeing the planning and development of the sports campus at Abbotstown.

Bunaíodh Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt ar bhonn reachtúil chun teacht i gcomharbas ar Fhorbairt Champas agus Staidiam Éireann Teo ó thaobh feidhmeanna agus freagrachtaí de le héifeacht ón 1 Eanáir 2007. Tá an tÚdarás le leanúint dá fheidhm maidir le maoirseacht a dhéanamh ar phleanáil agus ar fhorbairt an champais spóirt i mBaile an Aba.

**Q. What facilities are available at the National Aquatic Centre?
Céard iad na háiseanna atá i Spórtlann Uisce Éireann?**

A. The National Aquatic Centre, which opened in 2003, is one of the world's largest indoor water centres with a 10-lane 50 metre x 25 metre international-standard swimming pool, a 25-metre international standard diving pool/warm up pool, extensive leisure waters including adventure water rides, and a children's play pool and wave pool. It also has seating for 2,500 spectators as well as a fitness centre and cafes. Further information can be obtained from the National Aquatic Centre website at www.nac.ie.

Tá Spórtlann Uisce Éireann, a osclaíodh sa bhliain 2003, ar cheann de na hionaid uisce faoi dhíon is mó ar domhan. Tá linn snámha ar chaighdeán idirnáisiúnta inti ina bhfuil 10-lána 50 méadar x 25 méadar agus tá linn tumadóireachta/linn cleachtaidh 25 méadar ar chaighdeán idirnáisiúnta, raon leathan de ghníomhaíochtaí fóillíochta uisce lena n-áirítear sleamhnáin uisce agus linn spraoi do leanaí agus linn tonn inti chomh maith. Tá áit suite inti do 2,500 duine de lucht féachana chomh maith le hionad aclaíochta agus

caiféanna. Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ar shuíomh gréasáin Spórtlann Uisce Éireann www.nac.ie.

Swimming Pool Programme

An Clár Linnte Snámha

Q. What is the Local Authority Swimming Pool Programme?

Céard é Clár Linnte Snámha na nÚdarás Áitiúil?

- A.** The Local Authority Swimming Pool Programme, which is administered by the Department of Arts, Sport and Tourism, has been closed to new applicants since July 2000. Under the Programme, grant aid to a maximum of €3.8 million is provided towards the capital costs of new swimming pools or the refurbishment of existing pools, subject in both cases to the total grant not exceeding 80% of the eligible cost of the project or, in the case of projects located in disadvantaged areas, 90% of the eligible cost.

Tá Clár Linnte Snámha na nÚdarás Áitiúil dúnta d'iarratasóirí nua ó mhí Iúil 2000 i leith. Is í An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta a riarann an clár seo. Cuirtear uasmhéid de €3.8 milliún i ndeontais ar fáil faoin gClár chun costas caipitil na linnte snámha nua a ghlanadh nó chun linnte snámha atá ann cheana a athchóiriú, agus é sin faoi réir, sa dá chás, nach dtéann iomlán an deontais thar 80% de chostas incháilithe an tionscadail nó, más rud é gur tionscadail iad atá suite i gceantair faoi mhíbhuntáiste, thar 90% den chostas incháilithe.

Q. When will a new Round of the Programme be launched?

Cén uair a sheolfar Babhta nua den Chlár?

- A.** A sum of €184 million is being provided for the Local Authority Swimming Pool Programme under the National Development Plan 2007-2013 to fund the completion of the current round of the programme.

A value-for-money and policy review report has been carried out and published on the Local Authority Swimming Pool Programme, the outcome of which will be used to assist in formulating future policy in this area. This review examined, among other things, how the Programme has worked to date and what changes, if any, are required to ensure its

effective and efficient delivery. When the Programme is re-opened, it will be open to all local authorities to submit applications under the terms that will apply.

Tá suim de €184 milliún á cur ar fáil do Chlár Linnte Snámha na nÚdarás Áitiúil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 mar mhaoiniú chun an babhta reatha den chlár a chríochnú.

Rinneadh agus foilsíodh tuarascáil athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartas maidir le Clár Linnte Snámha na nÚdarás Áitiúil agus beidh torthaí na tuarascála ina gcuidiú chun beartas a chur i dtoll a chéile sa réimse seo sa todhchaí. Rinneadh scrúdú san athbhreithniú seo, i measc nithe eile, ar an gcaoi inar fheidhmigh an Clár go dáta agus ar na hathruithe, más ann dóibh, a theastódh chun a chinntiú go gcuirfí an clár i bhfeidhm go héifeachtach agus go feidhmiúil. Nuair a bheidh an clár á oscailt arís beidh sé de chead ag na húdaráis áitiúla go léir iarratais a chur isteach faoi na téarmaí a bheidh i bhfeidhm.

Sports Policy and Liaison

Beartas Spóirt agus Idirchaidreamh

Q. What does the Irish Sports Council do?

Céard a dhéanann Comhairle Spóirt na hÉireann?

A. The Irish Sports Council (ISC) was established in 1999 as the statutory body responsible for the promotion and development of sport in Ireland. Its mandate comes from the Irish Sports Council Act 1999, which gives the Council the following six key functions:

- encouraging the promotion, development and co-ordination of competitive sport;
- developing strategies for increasing participation in recreational sport and co-ordinating their implementation by all Irish bodies involved in promoting recreational sport and providing recreational sport facilities;
- facilitating good standards of conduct and fair play in both competitive and recreational sport;
- combating doping in sport;
- initiating and encouraging research concerning competitive or recreational sport;
- and

- facilitating research and disseminating information concerning competitive or recreational sport.

Further information on the work of the ISC can be found on its website at www.irishsportsCouncil.ie.

Bunaíodh Comhairle Spóirt na hÉireann sa bhliain 1999 mar chomhlacht reachtúil atá freagrach as spórt a chur chun cinn agus a fhorbairt in Éirinn. Tá a sainordú aici faoin Acht um Chomhairle Spóirt na hÉireann, 1999 a thagann a sainordú agus leagtar na sé phríomhfheidhm seo a leanas ar an gComhairle:

- *cur chun cinn, forbairt agus comhordú spóirt comórtais a spreagadh;*
- *straitéisí a fhorbairt chun páirteachas i spórt áineasa a mhéadú agus comhordú a dhéanamh ar chur i ngníomh na straitéisí sin ag na comhlachtaí Éireannacha go léir a ghabhann do spórt áineasa a chur chun cinn agus do shaoráidí spóirt áineasa a sholáthar;*
- *dea-chaighdeáin iompair agus chothrom na féinne a éascú i spórt comórtais agus i spórt áineasa araon;*
- *dópáil sa spórt a chomhrac;*
- *taighde a thionscnamh agus a spreagadh maidir le spórt comórtais nó spórt áineasa; agus*
- *taighde a éascú agus faisnéis a scaipeadh maidir le spórt comórtais nó spórt áineasa.*

Is féidir a thuilleadh eolais faoi obair Chomhairle Spóirt na hÉireann a fháil ar a suíomh gréasáin: www.irishsportsCouncil.ie.

**Q. What does Horse Racing Ireland do?
Céard a dhéanann Rásaíocht Capall Éireann?**

- A.** The Horse and Greyhound Racing Act was signed into law on 2 July 2001, leading to the formal establishment of Horse Racing Ireland (HRI). It succeeded the Irish Horseracing Authority (founded 1994) and its predecessor, the Racing Board (founded 1945).

In replacing the Irish Horseracing Authority and incorporating certain administrative functions of the Turf Club (the Racing Regulatory Body), HRI has been charged with the overall administration, promotion and development of the industry.

HRI has three divisions/subsidiaries:

- the Racecourse Division, which owns and operates Fairyhouse, Leopardstown, Navan and Tipperary racecourses.
- Tote Ireland, which operates a totalisator at all Irish racecourses, including a credit betting service and a betting website. Profits made by Tote Ireland are returned to racing.
- Irish Thoroughbred Marketing, which is a non-profit-making organisation responsible for the promotion of the Irish thoroughbred horse. It is funded by both HRI and the Irish bloodstock industry.

Further information on the work of HRI can be found on its website at www.hri.ie.

Síníodh an tAcht um Rásaíocht Capall agus Con le dlí ar 2 Iúil 2001 agus bunaíodh Rásaíocht Capall Éireann go foirmiúil dá bharr. Tháinig Rásaíocht Capall Éireann in áit Údarás Rásaíochta Capall na hÉireann (bunaithe 1994) agus an bhoird a bhí ann roimhe sin An Bord Rásaíochta (bunaithe 1945).

Ó tharla gur tháinig sí in áit Údarás Rásaíochta Capall na hÉireann agus go gcorpraíonn sí roinnt d'fheidhmeanna riaracháin Chumann na Móna (an Comhlacht Rialála Rásaíochta), is í Rásaíocht Capall Éireann atá freagrach as riarachán iomlán, cur chun cinn agus forbairt an tionscail.

Is iad seo a leanas na trí rannán/fhochuideachta de chuid Rásaíocht Capall Éireann:

- *An Rannán Ráschúrsaí, atá ina úinéir ar agus a fheidhmíonn na ráschúrsaí i dTeach na Sí, i mBaile na Lobhar, san Uaimh agus i dTiobraid Árann.*
- *Tote Ireland, a fheidhmíonn suimitheoir ag gach ráschúrsa in Éirinn, lena n-áirítear seirbhís ghealltóireachta chreidmheasa agus suíomh gréasáin gealltóireachta. Cuirtear brabús ar bith a dhéanann Tote Ireland ar ais sa rásaíocht.*
- *Irish Thoroughbred Marketing, eagraíocht neamhbhrabúis atá freagrach as an gcapall foláiochta Éireannach a chur chun cinn. Bíonn Rásaíocht Capall Éireann agus tionscal stoc foláiochta na hÉireann araon á mhaoiniú.*

Is féidir a thuilleadh eolais faoi obair Rásaíocht Capall Éireann a fháil ar a suíomh gréasáin: www.hri.ie.

Q. What does Bord na gCon do?

Céard a dhéanann Bord na gCon?

A. Bord na gCon is a commercial semi-state body, which was established on 28 May 1958 under the Greyhound Industry Act 1958. The Board's functions include:

- the control, promotion and operation of greyhound racing;
- the overall control of coursing;
- promoting greyhound exports;
- operating Tote betting;
- regulating public sales of greyhounds;
- giving grants for prize money;
- allocating grants to improve amenities at tracks;
- licensing greyhound tracks and their officials;
- authorising bookmakers to conduct business at tracks; and
- collecting levies on course betting.

Further information on the work of Bord na gCon can be found on the Board's website at www.igb.ie.

Is comhlacht tráchtála státurraithe é Bord na gCon a bunaíodh ar 28 Bealtaine 1958 faoi Acht Tionscail na gCon 1958. Is iad seo a leanas feidhmeanna an Bhoird:

- *rásaíocht con a rialú, a chur chun cinn agus a oibriú;*
- *cúrsáil a rialú go hiomlán;*
- *easpórtálacha na gcon a chur chun cinn;*
- *gealltóireacht Tote a oibriú;*
- *díolacháin phoiblí na gcon a rialú;*
- *deontais a thabhairt i gcomhair duaiseanna airgid;*
- *deontais a leithdháileadh chun conláistí ag na raonta a fheabhsú;*
- *raonta na gcon agus a bhfeidhmeannaigh a cheadúnú;*
- *geallghlacadóirí a údarú chun gnó a sheoladh ar na raonta; agus*
- *tobhaigh a bhailiú ar ghealltóireacht ar an gcúrsa.*

Is féidir a thuilleadh eolais faoi Bhoird na gCon a fháil ar shuíomh gréasáin an Bhoird: www.igb.ie.

Q. How does the Government fund these three agencies?

Cén chaoi a maoiníonn an Rialtas na trí ghníomhaireacht seo?

A. Since the establishment of the Irish Sports Council in 1999, the Government has provided it with funding towards initiating, developing and enhancing a wide range of programmes aimed at increasing participation and raising standards in Irish Sport.

Government support for the horse and greyhound racing industries is provided under the Horse and Greyhound Racing Fund, which was established under the Horse and Greyhound Act 2001 for the purpose of giving support to both racing industries.

Ó bunaíodh Comhairle Spóirt na hÉireann sa bhliain 1999 chuir an Rialtas maoiniú ar fáil di chun raon leathan de chlár, atá dírithe ar rannpháirtíocht a mhéadú agus ar chaighdeán a ardú i Spórt na hÉireann, a thionscnamh, a fhorbairt agus a fheabhsú.

Cuireann an Rialtas tacaíocht ar fáil do na tionscail rásaíochta capall agus con as an gCiste Rásaíochta Capall agus Con a bunaíodh faoin Acht um Rásaíocht Capall agus Con 2001 chun tacaíocht a thabhairt don dá thionscal rásaíochta.

TOURISM TURASÓIREACHT

Tourism Development

Forbairt na Turasóireachta

Q. I am interested in developing a tourist attraction/activity. What financial supports are available from the Department?

Tá suim agam nithe tarraingteacha/gníomhaíochtaí a mbíonn tarraingt ag turasóirí orthu a fhorbairt. Céard iad na tacaí airgeadais atá ar fáil ón Roinn?

A. The Department's role in relation to tourism lies in the area of national policy. It does not engage in the direct administration of tourism-related grant aid programmes. That function is carried out by the Department's agencies and other bodies. Please contact Fáilte Ireland at www.failteireland.ie for information on the support available for tourism attractions, activities, festivals and cultural events, and international sporting events being held in Ireland. Certain supports in relation to international tourism marketing activities may be available from Tourism Ireland and Fáilte Ireland.

Is i réimse an bheartais náisiúnta a bhíonn feidhm na Roinne i ndáil leis an turasóireacht. Ní bhíonn baint aici le riarachán díreach na gclár deontas a bhaineann le turasóireacht. Cuireann gníomhaireachtaí na Roinne agus comhlachtaí eile an fheidhm sin i gcrích. Téigh i dteagmháil le Fáilte Ireland www.failteireland.ie le do thoil chun eolas faoin tacaíocht atá ar fáil do nithe, gníomhaíochtaí, féilte agus imeachtaí cultúrtha a mbíonn tarraingt ag turasóirí orthu, agus faoi imeachtaí idirnáisiúnta spóirt a chuirtear ar bun in Éirinn a fháil. Tá tacaíochtaí áirithe do ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta maidir le margáocht turasóireachta le fáil ó Tourism Ireland agus ó Fáilte Ireland.

Q. What are the regulations in relation to wheelchair access and facilities for persons with disabilities in hotels and guesthouses in Ireland?

Céard iad na rialacháin maidir le bealach isteach do chathaoirreacha rothaí agus maidir le háiseanna in óstáin agus i dtithe aíochta in Éirinn a bheadh oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas?

A. All new buildings in Ireland, including hotels, are governed by Part M of the Building Regulations 1997-2000, which provides for access by people with disabilities to new non-

domestic buildings and new apartment blocks (see the website of the Department of the Environment, Heritage and Local Government at www.environ.ie). The underlying intention of Part M is to ensure that, as far as is reasonable and practicable, all buildings should be usable by people with disabilities. A hotel will not be registered by Fáilte Ireland unless it complies with planning regulations. The building code does not generally apply to buildings commenced prior to 1 June 1992.

Bíonn na foirgnimh nua go léir in Éirinn, lena n-áirítear óstáin, á rialú faoi Chuid M de na Rialacháin Foirgníochta 1997-2000, ina bhforáiltear go mbeidh bealach isteach chuig foirgnimh nua ghnó agus bloic nua árasán ag daoine faoi mhíchumas (féach suíomh gréasáin na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil www.environ.ie). Is é an aidhm atá mar bhonn ag Cuid M a chinntiú go mbeadh daoine faoi mhíchumas ábalta úsáid a bhaint as na foirgnimh go léir, chomh fada is is féidir é. Ní chláróidh Fáilte Ireland óstán mura gcloíonn sé leis na rialacháin phleanála. Ní iondúil go mbíonn feidhm ag an gcód foirgníochta maidir le foirgnimh ar cuireadh tús leis an obair thógála orthu roimh 1 Meitheamh 1992.

Q. If I am unhappy with the standard of accommodation provided by a hotel or guesthouse, what can I do about it?

Dá mbeinn míshásta le caighdeán na cóiríochta a bheadh curtha ar fáil ag óstán nó ag teach aíochta céard a d'fhéadfainn a dhéanamh faoi?

A. You should direct your complaint to the Customer Relations Department in Fáilte Ireland (www.failteireland.ie), which, depending on the nature of the complaint, will contact the operators of the hotel/guesthouse regarding your complaint.

Is cóir do ghearán a chur faoi bhráid na Rannóige um Chaidreamh le Custaiméirí in Fáilte Ireland (www.failteireland.ie) agus, ag brath ar an gcineál gearáin atá ann, rachaidh siadsan i dteagmháil le hoibreoírí an óstáin/an tí aíochta maidir le do ghearán.

Tourism Marketing

Margaíocht ar an Turasóireacht

Q. Where can I get posters or other material on Ireland that I can use to promote Ireland in an event abroad?

Cá bhfaighinn póstaer nó ábhar eile ar Éirinn a d'fhéadfainn a úsáid ag ócáid thar lear chun Éirinn a chur chun cinn?

A. Tourism Ireland will be able to consider providing you with promotional material through their office in Dublin or from their offices abroad. You can contact Tourism Ireland at:

Tourism Ireland
5th Floor
Bishop's Square
Redmond's Hill
Dublin 2
Tel: 01 4763400
Email: corporate.dublin@tourismireland.com

Beidh ar chumas Tourism Ireland breithniú a dhéanamh maidir le hábhar fógraíochta a chur ar fáil duit ach teagmháil a dhéanamh lena oifig i mBaile Átha Cliath nó lena oifigí thar lear. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Tourism Ireland ag:

*Tourism Ireland
5ú hUrlár
Cearnóg an Easpaig
Cnoc Réamainn
Baile Átha Cliath 2
Teil: 01 4763400
Ríomhphost: corporate.dublin@tourismireland.com*

Q. Where can I get information on holidaying in Ireland?

Cá bhfaighinn eolas faoi laethanta saoire in Éirinn?

A. Overseas visitors can log on to the Discover Ireland website (www.discoverireland.com). Domestic visitors can log on to www.discoverireland.ie or can contact Fáilte Ireland at:

Fáilte Ireland
Amiens Street
Dublin 1
Tel: 1890 525 525

Is féidir le cuairteoirí ón gcoigríoch dul isteach ar an suíomh gréasáin Discover Ireland (www.discoverireland.com). Is féidir le cuairteoirí ag baile dul isteach ar www.discoverireland.ie nó dul i dteagmháil le Fáilte Ireland ag:

*Fáilte Ireland
Sráid Amiens
Baile Átha Cliath 1
Teil: 1890 525 525*

Q. If I have been a victim of crime while on holidays in Ireland, or I know someone who has been, is there anyone who can help?
An mbeadh duine ar bith ábalta cúnamh a thabhairt dá ndéanfaí coir orm agus mé ar saoire in Éirinn nó dá mbeadh aithne agam ar dhuine a ndearnadh coir air/uirthi?

A. Ireland is a safe destination and serious crimes are rare. If you are a tourist victim of crime, report the incident in person to the nearest Garda Station (Police Station), which will contact the Irish Tourist Assistance Service (ITAS). Reporting crime increases the chance of the perpetrator being caught and, in some instances, of getting property returned. It also increases the safety of visitors to Ireland.

All tourist victims of crime are referred to ITAS by the Gardaí (Police). The Irish Tourist Assistance Service (ITAS) is a free, nation-wide service offering support and assistance to tourists who are victimised while visiting Ireland. The service is run by staff and volunteers who speak a variety of languages. ITAS acts as a base where problems facing a tourist in the aftermath of a crime can be addressed promptly with a view to getting holiday plans back on track. ITAS may be contacted as follows:

Irish Tourist Assistance Service
Department of Justice, Equality and Law Reform (ORAC Building)
1a Grand Canal Street Lower
Dublin 2
Tel: 01 6610562

Fax: 01 6610462
Email: info@itas.ie
Web: www.itas.ie

Ceann scríbe sábháilte í Éire agus is annamh a tharlaíonn coireanna tromchúiseacha inti. Más turasóir thú a ndearnadh coir ort tabhair tuairisc ó bhéal do gharda sa Stáisiún Gardaí is gaire duit agus rachaidh siadsan i dteagmháil leis an tSeirbhís Náisiúnta Chúnamh do Thurasóirí. Is mó seans a bheidh ann dá bhrí sin go ngabhfad déantóir na coire agus, i roinnt cásanna, go bhfaighfear an mhaoin ar ais más rud é go dtugtar tuairisc faoin gcoir. Is mó seans freisin go mbeidh na gcuairteoirí a thagann go hÉirinn níos sábháilte chomh maith.

Cuireann na Gardaí na turasóirí go léir a ndearnadh coir orthu ar aghaidh chuig an tSeirbhís Náisiúnta Chúnamh do Thurasóirí. Is seirbhís saor in aisce atá ar fáil ar fud na tíre í an tSeirbhís Náisiúnta Chúnamh do Thurasóirí a thugann tacaíocht agus cúnamh do thurasóirí a ndearnadh coir orthu agus iad ar cuairt in Éirinn. Bíonn baill foirne agus oibrithe deonacha a labhraíonn teangacha éagsúla i mbun na seirbhíse. Is ionann an tSeirbhís Náisiúnta Chúnamh do Thurasóirí agus ionad inar féidir dul i ngleic go pras le fadhbanna a bhíonn ag turasóir tar éis coire ionas go bhféadfar leanúint ar aghaidh leis na laethanta saoire. Is féidir dul i dteagmháil leis an tSeirbhís Náisiúnta Chúnamh do Thurasóirí ag an seoladh seo:

*An tSeirbhís Náisiúnta Chúnamh do Thurasóirí
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Foirgneamh Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe
1a Sráid na Canálach Móire Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
Teil: 01 6610562
Faics: 01 6610462
Email: info@itas.ie
Suíomh Gréasáin: www.itas.ie*

ABOUT THE DEPARTMENT

EOLAS FAOIN ROINN

Q. Where can I find more information about the services and functions of the Department of Arts, Sport and Tourism?
Cá bhfaighinn a thuilleadh eolais faoi sheirbhísí agus faoi fheidhmeanna na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta?

A. The Department's website at www.dast.gov.ie provides information on the structure, functions and services of the Department. Its most recent Statement of Strategy and Annual Report are available to download from the website. In line with the requirements of the Freedom of Information Acts, the Department also produces a 'Section 15 and 16 Manual' which sets out the structure of the organisation, the services provided as well as the guidelines and practices used in decision-making. This manual is available to download under 'Freedom of Information' on the Department's website.

Cuireann suíomh gréasáin na Roinne www.dast.gov.ie eolas ar fáil faoi struchtúr, faoi fheidhmeanna agus faoi sheirbhísí na Roinne. Is féidir Ráiteas Straitéise agus Tuarascáil Bhliantúil na Roinne a thógáil anuas den suíomh gréasáin. Tá 'Leabhar Tagartha - Alt 15 agus Alt 16' curtha ar fáil ag an Roinn, de réir cheanglais na nAchtanna Um Shaoráil Faisnéise, ina leagtar amach struchtúr na heagraíochta, na seirbhísí a chuirtear ar fáil chomh maith le treoirlínte agus le cleachtais a úsáidtear i gcinnteoireacht. Is féidir an lámhleabhar seo a thógáil anuas faoin mír 'Saoráil Faisnéise' atá ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Q. Is the Department relocating under the Civil Service decentralisation programme?
An bhfuil an Roinn ag dílárú faoi Chlár Díláráithe na Státseirbhíse?

A. Yes. The Department was included in the first phase of the Government's decentralisation programme and has relocated to Killarney, Co. Kerry. A new purpose-built office in Killarney was completed in December 2008 and staff moved in to the new headquarters before Christmas 2008.

Tá. Cuireadh an Roinn san áireamh sa chéad chéim den chlár díláráithe agus athlonnaíodh i gCill Airne, Co. Chiarraí í. Críochnaíodh foirgneamh nua oifigí a tógadh i gCill Airne chun na críche sin i mí na Nollag 2008 agus d'aistrigh an fhoireann chuig an gceanncheathrú nua seo roimh an Nollaig 2008.

Q. How can I apply for a job in the Department of Arts, Sport and Tourism in Dublin or Killarney?

Cén chaoi a gcuirfinn isteach ar phost sa Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta i mBaile Átha Cliath nó i gCill Airne?

- A.** Recruitment to the Department's offices is not carried out directly but rather by the Public Appointments Service by means of open competition. Details of ongoing recruitment can be obtained from:

Public Appointments Service
Chapter House
26-30 Abbey Street Upper
Dublin 1
Tel: 01 858 7400
E-mail: info@publicjobs.ie

You may also register on the website www.publicjobs.ie to receive information about the competitions.

Ní hÍ an Roinn féin a dhéanann earcaíocht maidir le poist in oifigí na Roinne. Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a bhíonn i mbun earcaíochta trí bhíthin comórtas oscailte. Is féidir sonraí faoi earcaíocht atá ar siúl faoi láthair a fháil ó:

*An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Chapter House
26-30 Sráid na Mainistreach Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
Teil: 01 858 7400
Ríomhphost: info@publicjobs.ie*

Is féidir leat clárú ar an suíomh gréasáin www.publicjobs.ie chomh maith chun a thuilleadh eolais a fháil faoi na comórtais.